AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.9.2014
COM(2014) 594 final

2014/0276 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena n-osclófar taraif-chuótaí áirithe de chuid an Aontais do mhairteoil ardcháilíochta, agus do mhuiceoil, feoil éanlaithe clóis, cruithneacht agus maislín, agus brain, géaráin agus iarmhair eile agus lena ndéanfar foráil maidir lena riar (códú)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dhlí an Aontais ionas go mbeidh sé níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus, dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans chun úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronntar orthu.

   Ní féidir an aidhm sin a bhaint amach fad is atá líon mór forálacha a leasaíodh roinnt uaireanta, agus leasuithe suntasacha a bheith i gceist go minic, scaipthe anseo agus ansiúd, rud a fhágann go mbíonn gá le cuardach a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin san ionstraim bhunaidh agus ar roinnt eile acu in ionstraimí leasaitheacha níos déanaí. Is gá, dá bhrí sin, mórobair thaighde a dhéanamh, i bhfoirm comparáide idir cuid mhór ionstraimí éagsúla, chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a shainaithint.

   Ar an gcúis sin, tá gá freisin le códú a dhéanamh ar rialacha a leasaíodh go minic má tá an dlí le bheith soiléir agus trédhearcach.

2. Chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, ar an 1 Aibreán 1987[1], treoir a thabhairt dá fhoireann á rá gur cheart gach gníomh a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, agus cuireadh i bhfios dóibh gur bunriachtanas é seo agus gur cheart féachaint le códú a dhéanamh ag eatraimh is giorra ná sin ar na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu lena chinntiú go bhfuil na forálacha atá iontu soiléir agus sothuigthe.

3. Dearbhaíodh an méid sin i gConclúidí Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992)[2] agus cuireadh i bhfios an tábhacht a bhaineann le códú mar go dtugann sé cinnteacht faoin dlí is infheidhme maidir le hábhar ar leith tráth ar leith.

   Ní foláir an nós imeachta coitianta a bhaineann le glacadh ghníomhartha an Aontais a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán le linn an códú á dhéanamh.

   Ós rud é nach ceadmhach athruithe a dhéanamh ar shubstaint na n-ionstraimí lena mbaineann an códúchán, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú, trí chomhaontú idirinstitiúideach dar dáta an 20 Nollaig 1994, go bhféadfar nós imeachta luathaithe a úsáid chun ionstraimí códaithe a ghlacadh go mear.

4. Is é is cuspóir don togra seo códú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 774/94 ón gComhairle an 29 Márta 1994 ón gComhairle lena n-osclófar taraif-chuótaí áirithe Comhphobail do mhairteoil ardcháilíochta, agus do mhuiceoil, feoil éanlaithe clóis, cruithneacht agus maislín, agus brain, géaráin agus iarmhair eile[3]. Glacfaidh an Rialachán nua ionad na ngníomhartha éagsúla a chuimsítear ann[4]; caomhnaítear go huile agus go hiomlán inneachar na ngníomhartha atá á gcódú agus, dá bhrí sin, ní dhéantar ach iad a thabhairt le chéile agus na leasuithe foirmiúla sin amháin a bhfuil gá leo don phróiseas códúcháin féin a dhéanamh.

---

1 COM(87) 868 miontuairiscí.
2 Féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A de na Conclúidí.
3 Códú a cuireadh ar chlár reachtaíochta 2014.
4 Féach Iarscríbhinn I a ghabhann leis an togra seo.

5. Rinneadh an togra códúcháin a tharraingt suas ar bhonn réamh-chomhdhlúthú, in 23 teanga oifigiúil, ar Rialachán (CE) Uimh. 774/94 agus ar na hionstraimí lena leasaítear é. Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí chóras próiseála sonraí. I gcás uimhreacha nua a bheith tugtha do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir an tseanuimhir agus an uimhir nua i dtábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán códaithe.

↓ 774/94 (oiriúnaithe)

2014/0276 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena n-osclófar taraif-chuótaí áirithe de chuid an ⌦ Aontais ⌫ do mhairteoil ardcháilíochta, agus do mhuiceoil, feoil éanlaithe clóis, cruithneacht agus maislín, agus brain, géaráin agus iarmhair eile agus lena ndéanfar foráil maidir lena riar (códú)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫, agus go háirithe Airteagal ⌦ 207(2) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

↓

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 774/94[6] a leasú go substaintiúil roinnt uaireanta[7]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht ba cheart an Rialachán sin a chódú.

↓ 774/94 aithris 1 agus
2198/95 aithris 1 (oiriúnaithe)

(2) Rinne an ⌦ tAontas ⌫ lamháltais taraife a chaibidliú faoi Airteagal XXVIII den ⌦ Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil ⌫ (CGTT) ⌦ agus faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála ⌫. Tháinig comhaontuithe as

5 IO C […], […], lch. […].

6 Rialachán (CE) Uimh. 774/94 ón gComhairle an 29 Márta 1994 lena n-osclófar taraif-chuótaí áirithe Comhphobail do mhairteoil ardcháilíochta, agus do mhuiceoil, feoil éanlaithe clóis, cruithneacht agus maislín, agus brain, géaráin agus iarmhair eile agus lena ndéanfar foráil maidir lena riar (IO L 91, 8.2.1994, lch. 1).

7 Féach Iarscríbhinn I.

an gcaibidlíocht ⌦ sin ⌫ a formheasadh le Cinneadhl 94/87/CE[8] ón gComhairle ⌦ agus Cinneadhl 94/800/CE[9] ón gComhairle ⌫.

🡻 774/94 aithris 2 (oiriúnaithe)

(3) Déantar foráil sna comhaontuithe i dtrácht maidir le hoscailt, faoi choinníollacha áirithe, taraif-chuótaí do mhairteoil ardcháilíochta a thagann faoi réim chóid AC 0201 30 00, 0202 30 90, 0206 10 95 agus 0206 29 91, muiceoil a thagann faoi réim chóid AC 0203 19 13 agus 0203 29 15, feoil éanlaithe clóis a thagann faoi réim chóid ⌦ AC 0207 14 10 ⌫, ⌦ 0207 14 50 ⌫, ⌦ 0207 14 70 ⌫, ⌦ 0207 27 10 ⌫, ⌦ 0207 27 20 ⌫ agus ⌦ 0207 27 80 ⌫, cruithneacht agus maislín a thagann faoi réim chóid AC ⌦ 1001 11 00 ⌫, ⌦ 1001 19 00 ⌫ agus ⌦ 1001 99 00 ⌫, agus brain, géaráin agus iarmhair eile a thagann faoi réim chóid AC 2302 30 10, 2302 30 90, ⌦ 2302 40 10 ⌫ agus ⌦ 2302 40 90 ⌫.

🡻 774/94 aithris 3 (oiriúnaithe)

(4) Cumhdaítear tréimhse neamhchinntithe leis na comhaontuithe ⌦ sin ⌫. Dá bhrí sin agus ar mhaithe le cuíchóiriú agus éifeachtúlacht, ba cheart na cuótaí a oscailt ar bhonn ilbhliantúil.

🡻 774/94 aithris 4 (oiriúnaithe)

(5) D'fhéadfadh córas lena ráthófaí cineál, foinse agus tionscnamh na dtáirgí bheith iomchuí. Chun na críche sin ba cheart allmhairithe faoi chuimsiú na lamháltas taraife ⌦ comhaontaithe ⌫ a bheith faoi réir deimhniú barántúlachta a thíolacadh, i gcás inarb iomchuí.

🡻 774/94 aithris 5 (oiriúnaithe)

(6) D'fhéadfadh sé gurbh iomchuí na hallmhairithe ⌦ sin ⌫ a leathadh amach feadh na bliana ar bhonn riachtanas mhargadh an ⌦ Aontais ⌫. Chun na críche sin d'fhéadfadh sé gurbh iomchuí córas chun cuótaí a ídiú a bheadh bunaithe ar thíolacadh ceadúnais allmhairiúcháin.

🡻 252/2014 aithris 3 (oiriúnaithe)

(7) Chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán ⌦ seo ⌫ a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 ⌦ den Chonradh ⌫ a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith leasuithe ar an Rialachán ⌦ seo ⌫ a ghlacadh, más rud é go ndéantar méideanna agus coinníollacha eile na socruithe cuóta a choigeartú, go háirithe ⌦ mar thoradh

---

[8] Cinneadhl 94/87/CE ón gComhairle an 20 Nollaig 1993 maidir le Comhaontuithe a tugadh i gcrích i bhfoirm Miontuairiscí Comhaontaithe i ndáil le síolta ola áirithe idir an Comhphobal Eorpach agus an Airgintín, an Bhrasaíl, Ceanada, an Pholainn agus Uragua, faoi seach, de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil (CGTT) (IO L 47,18.2.1994 lch. 1).

[9] Cinneadhl 94/800/CE ón gComhairle an 22 Nollaig 1994, i ndáil le hábhair laistigh dá inniúlacht, maidir le comhaontuithe ar thángthas orthu faoi Bhabhta Uragua de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála (1986–1994) a thabhairt chun críche thar ceann an Chomphobail Eorpaigh (IO L 336, 23.12.1994, lch. 1).

ar ⌫ chinneadh ón gComhairle ⌦ lena ndéantar ⌫ comhaontú ⌦ a thabhairt i gcrích ⌫ le tríú tír amháin nó níos mó. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúchán iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á ndréachtú aige, a áirithiú go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur go comhuaineach, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.

↓ 252/2014 aithris 4 (oiriúnaithe)

(8) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán ⌦ seo ⌫ a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún i dtaca leis na rialacha is gá chun na socruithe cuóta dá dtagraítear sa Rialachán ⌦ seo ⌫ a riar. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10],

---

↓ 2198/95 Airteagal 1 (oiriúnaithe)

⌦ TAR ÉIS ⌫ AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Osclaítear taraif-chuóta bliantúil de chuid an ⌦ Aontais ⌫, cuóta arb ionann é agus 20 000 tona ina iomlán, arna shloinneadh i meáchan an táirge, i gcás mairteola ardcháilíochta atá úr, fuaraithe nó reoite agus a thagann faoi réim chóid AC 0201 agus 0202 agus do na táirgí a thagann faoi réim chóid AC 0206 10 95 agus 0206 29 91.

Is é 20 % ráta dleachta na Comhtharaife Custaim is infheidhme don chuóta sin.

Airteagal 2

Osclaítear taraif-chuóta bliantúil de chuid an ⌦ Aontais ⌫, cuóta arb ionann é agus 7 000 tona ina iomlán, i gcás muiceola atá úr, fuaraithe nó reoite agus a thagann faoi réim chóid AC 0203 19 13 agus 0203 29 15.

Is é 0 % ráta dleachta na Comhtharaife Custaim is infheidhme don chuóta sin.

Airteagal 3

Osclaítear taraif-chuóta bliantúil de chuid an ⌦ Aontais ⌫, cuóta arb ionann é agus 15 500 tona ina iomlán, i gcás feola éanlaithe clóis atá úr, fuaraithe nó reoite agus a thagann faoi réim chóid AC ⌦ 0207 14 10 ⌫, ⌦ 0207 14 50 ⌫ agus ⌦ 0207 14 70 ⌫.

Is é 0 % ráta dleachta na Comhtharaife Custaim is infheidhme don chuóta sin.

---

[10] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

Airteagal 4

Osclaítear taraif-chuóta bliantúil de chuid an ⌦ Aontais ⌫, cuóta arb ionann é agus 2 500 tona ina iomlán, i gcás feola turcaí atá úr, fuaraithe nó reoite agus a thagann faoi réim chóid AC ⌦ 0207 27 10 ⌫, ⌦ 0207 27 20 ⌫ agus ⌦ 0207 27 80 ⌫.

Is é 0 % ráta dleachta na Comhtharaife Custaim is infheidhme don chuóta sin.

Airteagal 5

Osclaítear taraif-chuóta bliantúil de chuid an ⌦ Aontais ⌫, cuóta arb ionann é agus 300 000 tona ina iomlán, i gcás cruithneachta a thagann faoi réim chóid AC ⌦ 1001 11 00 ⌫, ⌦ 1001 19 00 ⌫ agus ⌦ 1001 99 00 ⌫.

Is é 0 % ráta dleachta na Comhtharaife Custaim is infheidhme don chuóta sin.

Airteagal 6

Osclaítear taraif-chuóta bliantúil de chuid an ⌦ Aontais ⌫, cuóta arb ionann é agus 475 000 tona ina iomlán, i gcás bran, géarán agus iarmhar eile cruithneachta agus gránach, seachas arbhar Indiach agus rís, a thagann faoi réim chóid AC 2302 30 10, 2302 30 90, 2302 40 10 agus 2302 40 90.

Is é ⌦ EUR ⌫ 30.60 in aghaidh an tona ráta dleachta na Comhtharaife Custaim is infheidhme don chuóta sin i gcás táirgí a thagann faoi réim chóid AC 2302 30 10 agus 2302 40 10 agus ⌦ EUR ⌫ 62.25 in aghaidh an tona i gcás táirgí a thagann faoi réim chóid AC 2302 30 90 agus 2302 40 90.

↓ 252/2014 Airteagal 1(1) (oiriúnaithe)

Airteagal 7

Chun gealltanais idirnáisiúnta a chomhlíonadh agus i gcás ina ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, nó an Chomhairle, méideanna agus coinníollacha eile na socruithe cuóta dá dtagraítear sa Rialachán seo a choigeartú, go háirithe le cinneadh ón gComhairle lena ndéantar comhaontú le tríú tír amháin nó níos mó a thabhairt i gcrích, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 9 maidir leis na leasuithe a dhéantar dá thoradh sin ar an Rialachán seo.

Airteagal 8

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na rialacha is gá chun na socruithe cuóta dá dtagraítear sa Rialachán seo a riar agus, de réir mar is iomchuí:

(a) ⌦ na forálacha ⌫ lena ráthaítear cineál, foinse agus tionscnamh an táirge;

(b) ⌦ na forálacha ⌫ maidir le haithint an doiciméid lena gceadaítear fíorú na ráthaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a); agus

(c) ⌦ na forálacha ⌫ le heisiúint ceadúnas allmhairiúcháin agus a ⌦ dtéarma ⌫ bailíochta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 10(2).

Airteagal 9

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón 9 Aibreán 2014. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an gcumhacht tharmligthe a dhréachtú tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh gach tréimhse. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith an tráth céanna.

5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheureadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 10

1. Déanfaidh an Coiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta arna bhunu le hAirteagal 229 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11] cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an Coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina bhfuil tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, taobh istigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an Choiste amhlaidh nó go n-iarrann an ceathrú cuid de chomhaltaí an Choiste ar a laghad amhlaidh.

[11] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007) ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671).

↓

Airteagal 11

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 774/94.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn II.

↓ 774/94 (oiriúnaithe)

Airteagal 12

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ⌦ fichiú ⌫ lá ⌦ tar éis lá ⌫ a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an* ⌦ *Aontais* ⌫ *Eorpaigh*.

↓ 774/94

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*